



Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2009**

**AISTRIÚCHÁN  
AR SCÉIM MHARCÁLA**

**INNEALTÓIREACHT**

**GNÁTHLEIBHÉAL**





**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
*State Examinations Commission*

# **AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2009**

## **AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA**

**Scrúdú Scríofa agus Scrúdú Praiticiúil**

## ***INNEALTÓIREACHT – Ábhair agus Teicneolaíocht***

## **GNÁTHLEIBHÉAL**

# SCRÚDUITHE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR agus TEICNEOLAÍOCHT

### GNÁTHLEIBHÉAL – 200 marc

#### Scéim Mharcála don Scrúdú Scríofa

Freagair Ceist 1, Roinn A agus B agus Trí cheist eile.

#### Ceist 1:

#### Iomlán - 65 Marc

##### Roinn A – 30 Marc

Sé cinn ar bith @ 5 marc an ceann.

Dhá pháirt-fhreagra 3 + 2

##### Roinn B – 35 Marc

Aon trí pháirt @ 12 + 12 + 11 Marc

Dhá pháirt-fhreagra 6 + 6 nó 6 + 5

#### Ceist 2. Iomlán - 45 Marc

- (a) Dhá pháirt @ 6 an ceann  
Ceann amháin @ 8 (20)
- (b) Páirt amháin @ 3  
Dhá pháirt @ 3 (9)
- (c) Trí pháirt @ 4 (12)
- (d) Páirt amháin @ 4 marc (4)

#### Ceist 3. Iomlán - 45 Marc

- (a) Dhá pháirt @ 8 marc (16)
- (b) Dhá pháirt @ 6 marc (12)
- (c) Dhá pháirt @ 4 an ceann (8)
- (d) Dhá pháirt 5 & 4  
**NÓ**
- (d) Dhá pháirt 5 & 4 (9)

#### Ceist 4. Iomlán - 45 Marc

- (a) Trí pháirt @ 5 an ceann (15)
- (b) Trí pháirt @ 4 an ceann (12)
- (c) Trí pháirt @ 4 an ceann (12)
- (d) Dhá pháirt @ 3 an ceann (6)

#### Ceist 5. Iomlán - 45 Marc

- (a) Dhá pháirt @ 5 an ceann (10)  
Míniú @ 8 marc  
Compháirt @ 3 marc (11)
- (b) Dhá pháirt @ 3 an ceann (6)
- (c) Dhá pháirt @ 6 (12)
- (d) Dhá pháirt @ 3 an ceann (6)

#### Ceist 6. Iomlán - 45 Marc

- (a) Trí pháirt @ 6 an ceann (18)
- (b) Páirt amháin @ 10  
Páirt amháin @ 5 (15)
- (c) Dhá pháirt @ 6 an ceann (12)  
**NÓ**
- (c) Dhá pháirt @ 6 an ceann (12)

#### Ceist 7. Iomlán - 45 Marc

- (a) Dhá pháirt @ 5 an ceann (10)
- (b) Ceithre pháirt @ 5 an ceann (20)
- (c) Trí pháirt @ 5 an ceann (15)  
**NÓ**
- (c) Trí pháirt @ 5 an ceann (15)

# SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA 2009

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

### GNÁTHLEIBHÉAL – 200 marc

#### Freagraí Samplacha agus Scéim Mharcála

Freagair Ceist 1, Roinn A agus B agus Trí cheist eile.

**CEIST Uimh. 1 – Iomlán 65 MARC**

**Marcanna**

**ROIINN A – 30 MARC**

**6 páirt @ 5 marc an ceann**

**Bronn 3 + 2 le haghaidh dhá pháirt-fhreagra**

**ROIINN B – 35 MARC**

**2 páirt @ 12 marc an ceann**

**1 páirt @ 11 marc**

**Bronn 6 + 6 nó 6 + 5 de réir mar is Cuí**

**ROIINN A – 30 MARC**

**MARCANNA**

- (a) Úsáid greamacháin i limistéar atá aeráilte go maith le go bhféadfaidh múch scaipeadh.  
Caith éadaí cosanta.

**3 + 2 Marc**

- (b) Lasc leictreach aon phoil aon bhealaigh.

**5 Marc**

- (c) Le bheith mar threoir ag druilire níos mó nuair atá poll mór á dhruileáil.

**5 Marc**

- (d) Druilire leacaithe

**5 Marc**

- (e) Le seiceáil an bhfuil poll meisínithe laistigh de theorainneacha luaite.

**5 Marc**

- (f) Baineann an téarma Dearadh Ríomhchuidithe le ríomhairí a úsáid agus líníochtaí 2T nó 3T á dtáirgeadh. Is féidir líníochtaí 2T a bhfuil toisí orthu a úsáid le haghaidh déantúsaíochta agus is féidir líníochtaí 3T a úsáid chun cuidiú le smaointe deartha a léirshamhlú.

**5 Marc**

- (g) (i) Snáithe V-chruthach (ii) Snáithe cearnógach

**3 + 2 Marc**

- (h) Úsáidtear meicníocht raicín agus cheapachóra le go bhféadfaidh fearsaid, acastóir nó pionna rothlú i dtreo amháin agus sin amháin. Úsáidtear é i meicníochtaí mar chastairí raicíneacha, spóil iascaireachta, scriúirí raicíneacha, micriméadair agus meicníochtaí tochrais in uaireadóirí.

**5 Marks**


**(i) Aon cheann díobh seo:****Iarann sádrála leictreach**

Cur síos maith soiléir  
**Bronn 12 (11) Marc**  
**Iomlán (12, 11) Marc**

Úsáidtear iarann sádrála leictreach chun sádar a chur suas. Is féidir é a úsáid nuair atá sreanga nó comhpháirteanna leictreacha á sádráil le chéile. Úsáidtear iarann sádrála leictreach agus bior mín air nuair a bhíonn comhpháirteanna leictreonacha á sádráil ar chláir chiorcad mar chláir chiorcad phriontálte (PCB). Nuair a phlugáltear an t-iarann leictreach isteach, téitear an bior agus is féidir leis teocht níos airde ná 200°C a bhaint amach. Téann an bior an miotal agus leáitear an sádar le go rachaidh sé timpeall seolán na comhpháirte agus rian an chláir. Táirgtear teas nuair a théann leictreachas trí eilimint téimh laistigh den iarann sádrála. Tá an eilimint déanta as ábhar a bhfuil sé deacair ag leictreachas dul tríd. Téitear an eilimint mar gheall ar fhriotaíocht an ábhair leis an sruth leictreachais, agus téann sé sin an bior.

**Raca agus pinniún**

Úsáidtear raca agus pinniún chun athrú idir gluaisne rothlach (ciorclach) agus gluaisne líneach (líne dhíreach). Is ionann an raca agus an chuid réidh fhiacalach, agus is é an pinniún an giar. Is féidir le raca agus pinniún athrú ó għluaisne rothlach go gluaisne líneach agus ó għluaisne líneach go gluaisne rothlach. Úsáidtear racaí agus pinniūn go minic ar mheaisíní druileála chun an druilire a thabhairt síos isteach sa saothar. Rothlaíonn an luamhán fothaithe an pinniún agus bogann sé an raca, agus leis sin bogann fearsaid an druilire síos ina líne díreach.

**Umar tumbhrataithe plaistigh**

Úsáidtear umar tumbhrataithe plaistigh chun slim-mhaisiú / bailchríoch níos inghlactha go sóisialta a chur ar earraí déanta as cruach, mar chiseáin siopadóireachta agus uirlisi cistine.

Tá an t-umar tumbhrataithe plaistigh comhdhéanta d'aonad sreabhánaithe agus d'aonad séidire.


Tá dhá urrann san aonad sreabhánaithe atá deighilte óna chéile le hábhar póiriúil.

Tá an púdar plaisteach san urrann uachtair agus tá an soláthar aeir ceangailte leis an gceann íochtair.

Téann aer suas tríd an ábhar póiriúil agus mar gheall air sin gníomhaíonn an púdar plaisteach mar shreabhán.

Téitear an earra go 180°C agus tumtar isteach san umar é.

Leánn an plaisteach atá i ngar don earra agus greamaíonn sé don chomhpháirt agus leis sin bíonn brat chothrom air ar fad. Tógtar amach an chomhpháirt ansin agus ligtear don phlaisteach leáite fuarú agus cruachan agus bíonn an t-earra clúdaithe le bratú cosanta.



**(j) Dhá cheann ar bith:**

**(i) Crua-earraí**

Rangaítear na páirteanna fisiceacha go léir i gcóras ríomhaireachta mar chrua-earraí. Is samplaí de chrua-earraí ríomhaireachta iad méarchlár, luchóg, aonad fístaispeána (VDU) agus printéiri.

Is féidir crua-earraí a fho-roinnt tuilleadh mar ghléasanna ionchuir nó aschuir.

Is sampla é méarchlár de ghléas ionchuir ríomhaireachta agus is sampla é VDU / monatóir de ghléas aschuir ríomhaireachta.

Ceanglaítear go leor gléasanna crua-earraí le PC-anna trí phoirt USB.

Cur síos maith agus  
soiléir

**Bronn 6 + 6(5)**

**Iomlán (12, 11) Marc**

**(ii) Brabhsálaí**

Is ionann brabhsálaí agus bogearra a úsáidtear chun féachaint ar ábhar ar leathanaigh gréasáin agus é a íoslódáil. Cuireann brabhsálaithe comhéadan grafach ar fáil d'úsáideoirí chun an gréasán a thaiscéaladh trí leathanaigh HTML a aistriú ina gcineálacha éagsúla comhad, e.g. téacs, fuaim, fis agus grafaicí. Is dhá bhrabhsálaí iad Mozilla Firefox agus Microsoft Internet Explorer a úsáidtear go minic.

**(iii) Víreas**

Is ionann víreas agus ríomhchlár nó píosa de chód a oibríonn trí é féin a ghreamú de ríomhchlár eile nó de chomhad íoslódálite. Nuair a thosóidh an ríomhchlár ritheann cód an víris – déanann sé macasamhlacha de féin agus ionfhabhtaíonn sé ríomhchláir eile nó doiciméid ar an ríomhaire i ngan fhios don úsáideoir. Scríobhtar víreas ríomhaireachta d'aon ghnó chun comhaid a thruaillí agus is féidir leis damáiste mór a dhéanamh do chomhaid bhogearraí ar ríomhaire nó iad a scrios go hiomlán.

**(iv) LAP/CPU**

Is ionann LAP agus láraonad próiseála ríomhaire, ina n-úsáidtear treoracha ríomhchláir le sonráí ionchuir a phróiseáil agus iad a athrú go dtí an fhoirm nó an fhaisnéis atá de dhíth sula ndéanfar iad a aschur.

**(k)**

Cur síos maith  
**Bronn 6 + 6 (5)**  
**Iomlán (12, 11) Marc**


**(i) Fórsa comhbhrúiteach**

Bíonn fórsa comhbhrúiteach ann nuair a chuirtear barra faoi bhrú. Má bhíonn an brú urchomhaireach agus ar cóimhéis ar fhoirceann amháin mar thoradh ar bhrú ar an bhfoirceann eile, deirtear go bhfuil an barra faoi chomhbhrú.



## Fórsa inteannta

Bíonn fórsa inteannta ann nuair a chuirtear barra faoi tharraingt. Má bhíonn an tarraingt urchomhaireach agus ar cóimhéid ar fhoirceann amháin mar thoradh ar tharraingt ar an bhfoirceann eile, deirtear go bhfuil an barra faoi theannas.



### (l) Dhá cheann ar bith:

Cur síos maith agus  
soiléir  
**Bronn 6 + 6(5)**  
**Iomlán (12, 11) Marc**

#### Cnó féinghlásála:

Bíonn ionsáiteán níolón i gcnó féinghlásála a ngearrann snáithe an scriú isteach ann agus leis sin, coinnítear an cnó daingean. Leis an ionsáiteán níolón, cuirtear cosc ar scaoileadh mar thoradh ar chreathadh.

#### Inslitheoir leictreach:

Is ábhar é inslitheoir leictreach lena mbaineann friotaíocht an-ard i ndáil le sreabhadh srutha. Is sampla é plaisteach d'inslitheoir leictreach mar nach ligfidh sé leictreachas tríd.

#### Beibhealghiar:

Déanann beibhealghiaranna gluaisne rothlach a thraiseoladh nuair a bhíonn seafáí ar claonadh lena chéile. Baintear úsáid as beibhealghiaranna i ndruilir láimhe.

#### Ceam agus leantóir:

Athraíonn ceam rothlach gluaisne rothlach ina gluaisne fhrithingeach. Leantóir a bhíonn i dteagmháil le himeall an cheama, bogann sé suas agus anuas nó isteach agus amach de réir mar a rothláíonn an ceam. Rialaíonn cruth an cheama gluaisne an leantóra. A mheáchan féin nó brú a chuirtear air a choinníonn an leantóir i dteagmháil leis an gceam.

(m)

#### Ainm:

Córas tiomána beilte agus ulóige.

#### Feidhm:

Is minic a bhíonn meaisíní sa bhaile –meaisíní fuála, castriomadóirí agus meaisíní níocháin – á dtiomáint ag ulóga eitreacha cruinne. Úsáideann meaisín-uirlisí mar mheaisíní druileála agus deileanna V-ulóga agus V-bheilteanna. Is féidir córais tiomána beilte agus ulóige a úsáid freisin chun gluaisne rothlach a aistriú ó fhearsaid mhótair go dtí acastóir tiomána le linn tionscadail ranga.

Ainm:

**Bronn 6**

Feidhm

**Bronn 6(5)**

**Iomlán (12, 11) Marc**

(a)

(i) **Dhá cheann ar bith:**

Muciarann  
Iarann teiligthe  
Cruach ardcharbóin


- Foirnéis soinneáin
- Foirnéis chúpóile
- Stuafhoirnéis leictreach

(i) Ainm foirnéise  
**Bronn 2 @ 6 Marc**


(ii) Léaráid & Oibriú  
**Bronn 8 Marc**  
**Iomlán (20) Marc**

(ii) **Ceann ar bith:**


Iarnmhian,  
Cóc, AOLCHLOCH



Táirgtear Muciarann san **Fhoirnéis Soinneáin**. Luchtaítear an fhoirnéis le hiarnmhian, cóc agus aolchloch a chuirtear isteach trí bharr na foirnéise. De réir mar a dhóitear an cóc, táirgtear aonocsaíd charbóin agus cuingríonn sé sin leis an ocsaigin sa mhian, ag fágáil iarainn. Cuingríonn an aolchloch le heisíontais chun slaig a dhéanamh. Titeann an t-iarann leáite go híochtar na foirnéise, áit a ndéantar é a tapáil di ó am go ham. Snámhann an tslaig ar bharr an iarainn leáite agus déantar í a thapáil de réir mar is gá.



Táirgtear Iarann Teiligthe san **Fhoirnéis Chúpóile**. Is iad muciarann agus dramhchrúach nó iarann teiligthe, chomh maith le dúile eile, na hamhábhair. Cosúil leis an bhfoirnéis soinneáin, bíonn an cóc mar bhreosla san fhoirnéis chúpóile agus bíonn aolchloch ag feidhmiú mar fhlosc chun eisíontais a sháinniu i slaig. Déantar an t-iarann teiligthe leáite a thapáil ó iochtar na foirnéise agus a theilgean i múnláí ar chruthanna agus méideanna éagsúla de réir mar is gá.



Táirgtear Cruach Ardcharbóin sa **Stuafhoirnéis**. **Leictreach**. Dramhiarann nó dramhchrúach fuar is mó a luchtaítear san fhoirnéis chomh maith le méideanna beaga aolchloiche agus carbóin. Is ó stua leictreach a chruthaítear idir leictreoidí carbóin agus an lucht a thagann an teas don fhoirnéis seo. Cuingríonn an t-aol le heisíontais agus táirgtear slaig. Nuair a bhaintear an comhdhéanamh cruach ceart amach, tógtar amach an tslaig agus déantar an cruach a thapáil ón bhfoirnéis.

**(b)**

- (i)** Is ionann cóimhiotal agus cuingir de mhiotail nó de dhúile eile.  
Táirgeann cóimhiotail miotail lena mbaineann tréithe níos fearr mar friotaíocht i ndáil le creimeadh agus an cumas fanacht crua agus láidir ag teochtaí arda. Braitheann na miotail agus na dúile a chuirtear leis ar na tréithe a bhíonn de dhíth.

(i) Cóimhiotal  
**Bronn 1 @ 3 Marc**  
(ii) Sainaithin  
cóimhiotal  
**Bronn 2 @ 3 Marc**  
**Iomlán (9) Marc**

- (ii)** Sádar - Luaidhe & Stán  
Prás - Copar & Sinc

**(c) Feidhm trí mhiotal ar bith:**

- (i)** Tungstan - Uirlisí gearrtha  
**(ii)** Alúmanam - Cannaí deochanna boga  
**(iii)** Luaidhe - Fleascadh simléir  
**(vi)** Cruach dhosmálta - Doirteal cistine

Feidhm  
**Bronn 3 @ 4 Marc**  
**Iomlán (12) Marc**

**(d) Difríocht idir miotal feiriúil & miotal neamhfheiriúil.**

Tá iarann i miotal feiriúil, níl iarann i miotal neamhfheiriúil.

Difríocht  
**Bronn 1 @ 4 Marc**  
**Iomlán (4) Marc**

**(a) Mínigh dhá cheann ar bith:****(i) Ainéaladh:**

Déantar ainéaladh chun miotal a dhéanamh bog agus chun struis inmheánacha a mhaolú.

Téitear an miotal go dtí an teocht riachtanach agus ligtear dó fuarú chomh mall agus is féidir.

Cur síos  
**Bronn 2 @ 8 marc**  
**Iomlán (16)**

**(ii) Screamhchruachan:**

Is modh é screamhchruachan le cruach ísealcharbóin a dhéanamh an-chrua ar an taobh amuigh agus an lár a fhágál láidir. Is féidir cruach ísealcharbóin a screamhchruachan tríd an méid carbóin sa dromchla seachtrach a mhéadú ar dtús trí ‘charbrú’. Déantar carbrú tríd an chruach a théamh go mbíonn sí caordhearg agus ligean di fuarú in ábhar ar mhórán carbóin. Beidh craiceann ansin nó ‘screamh’ ar mhórán carbóin ar an bpáirt chruach. Téitear an pháirt ansin go mbíonn sí caordhearg agus fúraítear in uisce í, próiseas lena dtáirgtear craiceann cruaite agus croí láidir.

**(iii) Saotharchruachan:**

Nuair a bhualtear miotal le casúr nó nuair a mhúnlaítear é agus é fuar, éiríonn sé crua agus briosc ag an bpointe a mbíonn an tsaoirseacht fhuar ar siúl. Tá roinnt miotal tugtha do shaotharchruachan. Is samplaí tipiciúla iad copar agus alúmanam inar féidir cur le luachanna cruais trí shaoirseacht fhuar.

**(b)**

Cur síos maith  
**Bronn 2 @ 6 Marc**  
**Iomlán (12) Marc**

**Cruachan**

Déantar Cuid A den lárphritil a chruachan tríd an bpointe a théamh go mbíonn sé caordhearg agus ansin é a fhuarú go tapa in uisce glan.

Éireoidh an bior neamh-mhaighnéadach nuair a shroichfidh sé an teocht riachtanach. Ní mór é a thumadh go hingearach agus é a bhogadh thart san uisce lena fhuarú i gceart.

**Faghairt**

Chun pointe A a fhaghairt, déan é a shnasú le héadach éimir le go bhféadfaidh na dathanna faghartha teacht amach. Téigh go mall é taobh thiar den chuid chruaite agus lig don teas dul suas go dtí an bior de réir a chéile. Beidh na dathanna faghartha le feiceáil de réir mar a ardaíonn an teocht. Nuair a shroichfidh an dath ceart an bior, déan é a fhuarú in ola nó in uisce.

**(c) Dhá réamhchúram sábháilteachta:**

- (i)** Coinnigh greim daingean ar an gcomhpháirt.
- (ii)** Caith éadaí cosanta ar fhaitíos go dtarlódh cúlsplanc gaile nó ola.

Réamhchúraimí  
**Bronn 2 @ 4 Marc**  
**Iomlán (8)**

**(d) Dhá cheann ar bith:**

**(i) Intuargainteacht:**

Is é sin an méid ar féidir miotal a shíneadh i ngach treo trína bhualadh le casúr nó trína rolladh gan an t-ábhar a mhadhmadh..

Cur síos maith  
**Bronn 1 @ 5 Marc**  
**Bronn 1 @ 4**  
**Iomlán (9) Marc**

**(ii) Leaisteachas:**

Le leaisteachas, cuirtear ar chumas miotail filleadh ar a chruth bunaidh tar éis na fórsaí seachtracha is cúis le dichumadh a thógáil.

**(iii) Brisce:**

Brisfidh ábhar briosc má tharlaíonn tuairt dó nó má bhualiltar é.  
Is sampla d'ábhar briosc é gloine.

**NÓ**

**(d)**

- (i)** Sorcóir neomatach aisfhillteach aonghníomhach sprionga
- (ii)** Fuinneog ar theach gloine a oscailt agus a dhúnadh.

Cur síos  
**Bronn 1 @ 5 Marc**  
**Bronn 1 @ 4 Marc**  
**Iomlán (9)**

## CEIST UIMH. 4

## Iomlán 45 Marc

- (a) (i) Lasair neodrach (ii) Lasair charbraithe (iii) Lasair ocsaídithe

Ainmneacha lasracha  
**Bronn 3 @ 5 Marc**  
**Iomlán (15) Marc**

(b)

- (i) Táirgeann stua leictreach a dhéantar idir an leictreoid táthaithe agus an miotal atá á tháthú teas.

- (ii) Teastaíonn fosc ag an siúnta chun ocsaídí a thógáil, chun an linn táthaithe a choinneáil glan ó eisíontais agus le go bhféadfaidh an táthán fuerú go mall trí chumhdach sláige a tháirgeadh.

Míniú  
**Bronn 3 @ 4 Marc**  
**Iomlán (12) Marc**

- (iii) Teastaíonn an teanntán talmhaithe chun an ciorcad a shlánú do shreabhadh srutha tríd an miotal atá á tháthú agus ar ais chuig an aonad táthaithe.

- (iv) Ní mór lámhainní leathair a chaitheamh chun an t-úsáideoir a chosaint ó chótháin de mhiotal te, solas UV agus nó teochtaí arda.

(c) Trí cinn ar bith:

- |                       |                                  |
|-----------------------|----------------------------------|
| (i) Stánphláta        | - Sádar bog                      |
| (ii) Pláta bogchruach | - Gástáthú / Spot-táthú          |
| (iii) Aicrileach      | - Greamacháin / Táthú Plaisteach |
| (iv) Alúmanam tanaí   | - Preabsheamanna / Greamacháin   |

Próiseas  
**Bronn 3 @ 4 Marc**  
**Iomlán (12) Marc**

(d)

- Leis an úsáideoir a chosaint ó chótháin de mhiotal te.  
Leis an úsáideoir a chosaint ón solas geal a bhíonn ón lasair gháis.

Cúiseanna  
**Bronn 2 @ 3 Marc**  
**Iomlán (6) Marc**

- (a) (i) Dhá cheann ar bith de na próisis mhonaraithe plaisteach a thaispeántar:

- |     |                    |
|-----|--------------------|
| A - | Múnláil insteallta |
| B - | Múnláil chomhbhrú  |
| C - | Múnláil shéidte    |

Ainmneacha na bpróiseas  
**Bronn 2 @ 5 Marc**  
**Iomlán (10)**

- (ii) Cur síos ar cheann amháin ar bith:

**(A) Múnláil Insteallta:**

Déantar teirméaplaisteach bog trína théamh taobh istigh de bhuinne insteallta. Brúnn suncaire an plaisteach bogtha le fórsa i múnláil fuar áit a gcrann sé go tapa agus ansin déantar é a eisteilgean. Úsáidtear múnláil insteallta le haghaidh compháirteanna mar **bhuicéid** nó **cásálacha** le haghaidh raon leathan fearas crua-earraí ríomhaireachta a mhúnláil go tapa.

**(B) Múnláil Chomhbhrú:**

Cuirtear amphphlaisteach teirmithéachtach, i bhfoirm púdair, i múnláil agus téitear é agus curtear faoi bhrú é ar feadh tréimhse áirithe ama agus lena linn sin éiríonn an t-ábhar soladach (cruann sé). Tar éis sin, osclaítear an múnláil agus déantar an chompháirt a eisteilgean. Is féidir ábhair theirmitéachtacha a mhúnláil ina **scriú-chlaibíní**, ina gcásáil **plocóide** nó ina **bhfeistithe solais** tríd an bproiseas sin.

Cur síos maith  
**Bronn 1 @ 8 Marc**  
Compháirt  
**Bronn 1 @ 3 Marc**  
**Iomlán (11)**

**(C) Múnláil Shéidte:**

Le múnláil shéidte, déantar feadán teirméaplaisteach téite, ar a dtugtar *paraison*, a easbhrú idir an dá leath de mhúnláil scoilte. Dúnann an múnláil timpeall ar an *paraison* agus séidtear aer isteach ann, rud a bhrúnn an *paraison* amach in aghaidh bhalla na mhúnláil. Ligtear don chompháirt fuarú sula dtógtar amach as an múnláil oscailte í. Is féidir ábhair theirmitéachtacha mar pholaitéin a mhúnláil ina **mbuidéil** agus ina **n drumaí** le mhúnláil shéidte.

- (b) Dhá réamhchúram sábháilteachta:

- (i) Coinnigh an teocht faoi smacht, ná déan é a róthéamh.
- (ii) Caith lámhainní cosanta nuair atá bileog the phlaisteach á láimhseáil.

Réamhchúraimí  
**Bronn 2 @ 3 Marc**  
**Iomlán (6) Marc**

**(c) Difríochtaí:**

**Teirmeaplaisteach**

Is polaiméir slabhra líneach é teirmeaplaisteach atá réasúnta bog agus solúbtha, leánn sé go héasca agus is féidir é a dhéanamh bog agus é a athmhúnlú arís is arís eile.

Cur síos maith  
**Bronn 2 @ 6 Marc**  
**Iomlán (12) Marc**

**Plaisteach teirmithéachtach**

Is struchtúr tríthoiseach é plaisteach teirmithéachtach ina bhfuil trasnaisc láidre idir na móilíní. Dá bhrí sin tá sé docht agus crua, ní féidir iad a atéachtadh nuair a bhíonn sé cruaite sa mhúnla.

- (d)**      **(i)** Níolón                  - Giaranna / cosa scuab fiacla  
                  **(ii)** Polaistiréin                - Bileoga inslithe tí / cloichíní

Réamhchúraimí  
**Bronn 2 @ 3 Marc**  
**Iomlán (6)**

## (a) Trí oibriúchán dheilte ar bith:

Foirbeadh  
 Druileáil  
 Deileadh comhthreomhar  
 Fásáil / dromchlú  
 Deileadh barrchaolaithe

Oibriúcháin  
**Bronn 3 @ 6 Marc**  
**Iomlán (18)**

## (b) Ceann ar bith:

**Crágán neamhspleách ceithre ghiall**

Tá na gialla ar chrágán neamhspleách ceithre ghiall in ann bogadh go neamhspleách ar a chéile, gach ceann á oibriú ag a scriú fén. Úsáidtear an crágán seo le greim a fháil ar chruthanna cearnógacha, cruinne, dronuilleogacha agus neamhrialta.

Cur síos maith  
**Bronn 10 Marc**  
 Réamhchúram  
 sábháilteachta  
**Bronn 1 @ 5 Marc**  
**Iomlán (15)**

Ná húsáid luas iomarcach nuair atáthar ag meisíniú ar chrágán ceithre ghiall.

**Daingnitheoir Fosaithe**

Déantar an daingnitheoir fosaithe a chlampaíl le leaba na deile agus tá trí mhéar air ar féidir iad a shocrú chun freastal do thrastomhais seastaí éagsúla.

Úsáidtear daingnitheoir fosaithe mar thacaíocht do sheastaí fada a dteastaíonn iad a mheaisíniú ar a bhfoirceann.

Déan cinnte i gcónaí go mbíonn na méara taca agus an saothar bealaithe agus socraithe i gceart le róthéamh a laghdú.

**Pláta fásála**

Is pláta ciorclach mór é an pláta fásála ina bhfuil roinnt sliotán meaisínithe. Déantar an pláta fásála a shuiteáil leis an soc ar fhearsaid deile agus úsáidtear é chun greim a choinneáil ar shaothar nach féidir greim a choinneáil air le crágán mar gheall ar an gcruth atá air. Déantar an saotharphíosa a bholtáil don phláta fásála nó do shuiteach ar an bpláta fásála.

Tá sé tábhachtach an saotharphíosa a fhriúthchothromú chun creathadh a chosc le linn an oibriúcháin mheaisínithe.

**(c) Dhá cheann ar bith:**

**(i) Uillinn sciota**

Is é an cuspóir atá le huillinn sciota ná é a dhéanamh éasca don slis / slisirnínéach atá á ghearradh éalú. Le huillinn sciota mhór, laghdaítear an méid fórsa a theastaíonn nuair atáthar ag gearradh.

Cur síos maith  
**Bronn 2 @ 6 Marc**  
**Iomlán (12)**

**(ii) Fuarthán:**

Nuair a úsáidtear fuarthán, cuidíonn sé leis an uirlis ghearrtha agus an saotharphíosa a choinneáil fuar agus measíniú ar siúl. Cuidíonn fuarthán freisin le frithchuimilt a laghdú idir an uirlis ghearrtha agus an saotharphíosa, rud a laghdaíonn caitheamh agus a chuireann feabhas ar shlim-mhaisiú/bailchríoch dromchla.

**(iii) Cúlstoc**

Seasann an cúlstoc ar leaba na deile os comhair an cheannstoic. Is féidir é a chlampáil don leaba ag pointe ar bith. Úsáidtear an cúlstoc chun greim a choinneáil ar uirlísí gearrtha mar dhruilire agus réamairí. Is féidir lár a shuiteáil i mbairille an chúlstoic agus a úsáid mar thacaíocht do shaotharphíosaí fada. Is féidir an cúlstoc a choigeartú ó thaobh go taobh ar a bhonn freisin chun deileadh barrchaolaithe a éascú.

**NÓ**

**(c) Dhá cheann ar bith:**

**(i) Lasc shábháilteachta**

Ar dheileanna CNC chun seiceáil an bhfuil an garda sábháilteachta san áit cheart sula dtosóidh monarú. Ní thosóidh an deil CNC má bhíonn an garda oscailte.

Téarmaí CNC  
**Bronn 2 @ 6 Marc**  
**Iomlán (12)**

**(ii) G-chód**

Leagann sé amach conair na huirlise. Bogfaidh an uirlis ghearrtha ar bhealach faoi leith ag brath ar an uimhir a leanann an litir G. Mar shampla, le G01, rachaidh an uirlis ina líne dhíreach.

**(iii) CAD/CAM**

Seasann sé sin do ‘Computer Aided Design’ (Dearadh Ríomhchuidithe) agus do ‘Computer Aided Manufacture (Monarú Ríomhchuidithe). Le córas den sórt sin, cuirtear ar ár gcumas an pháirt a dhearadh agus a tharraingt ar scáileán ríomhaire. Ansin, tríd an ordú cuí a roghnú, scríobhfaidh an ríomhaire an ríomhchlár don pháirt lena haschur chuig deil CNC don mhonarú.

**(a) Dhá cheann ar bith:****(i) Glanoiriúint**

Bíonn glanoiriúint ann i gcóimeáil seafta agus poill nuair a bhíonn uasteorainn an tseafta níos lú ná híosteorainn an phoill.

Cur síos maith  
**Bronn 2 @ 5 Marc**  
**Iomlán (10)**

**(ii) Leathoiriúint**

Is féidir leis an oiriúint sin a bheith ina glanoiriúint nó ina bacoiriúint.

**(iii) Bacoiriúint**

Bíonn bacoiriúint ann nuair a bhíonn íosteorainn seafta i gcónaí níos mó ná uasteorainn an phoill.

**(b)**

- (i) Trastomhas ainmniúil an tseafta: - 24 mm
- (ii) Uas-trastomhas an tseafta: - 24.08 mm
- (iii) Íos-trastomhas an tseafta: - 23.92 mm
- (iv) Lamháltas an tseafta: - 00.16 mm

Ríomh  
**Bronn 4 @ 5 Marc**  
**Iomlán (20)**

**(c) Trí cinn ar bith:**

- (i) Micriméadar - le haghaidh seaftaí a thomhas go cruinn
- (ii) Pláta uillinne - le tacaíocht a thabhairt do shaothar agus é á marcáil amach
- (iii) Tomhsairí braite - le haghaidh an bhearna idir dhá dhromchla a sheiceáil i.e . bearna spréachphhlocóide nó cniogóga cairr
- (iv) V-cheap - le haghaidh greim a choinneáil ar bharraí cruinne agus iad á marcáil amach / á ndruileáil


Ainmneacha na n-uirilisí  
**Bronn 3 @ 3 Marc**  
Feidhm  
**Bronn 3 @ 2 Marc**  
**Iomlán (15)**

NÓ

**(c) Trí cinn ar bith:**

- A:** - Mótar
- B:** - LED
- C:** - Friotóir fosaithe
- D:** - Ceallra

Siombailí  
**Bronn 3 @ 5 Marc**  
**Iomlán (15)**



An Ardteistiméireacht – Innealtóireacht – Trial Phraictíúil – Scéim Mharcála 2009

Grádú Suibiachtúil 1 - 20		17 - 20 Sármhaith	13 - 16 An-mhaith	9 - 12 Maith	5 – 8 Lag	1 - 4 An-lag		
Roinn	Uimhir na Párte	Sceitse Pictiúrtha / Cur Síos			Coincheap		Marc	Marc
1	Gach Páirt den Mheicníocht				Cóimeáil, Feidhmiú & Bailchríoch Grád Suibiachtúil 1-20		20	20
2	Páirt 1				Marcáil amach	4	20	
					Gathanna 10 mm	4		
					Sliotán 10.5 mm	6		
					Sliotán 11mm	4		
					Druileáil poill 10.5 mm	2		
3	Páirt 2				Marcáil amach	4	20	
					Gathanna 10mm	3		
					Poill thapálite M5	2		
					Uillinn 90° agus Próifil Sliotán	7		
					Próifil ghinearálta	4		
4	Páirt 3				Marcáil amach	4	20	
					V-shliotán	4		
					Sliotán 9 mm	4		
					Poill thapálite M5	2		
					Ga 25 mm	2		
					Próifil ghinearálta	4		
5	Páirt 4, 5 agus 6				Páirt 4 Obair dheile	6	20	
					Páirt 5 × 4 Obair dheile	4		
					Páirt 6 Obair bhinse	10		

100 Marc

(× 1.5 = 150 san Iomlán)

